

Treoirlínte Chomhairle Chontae na Gaillimhe don Chlár Feabhsúcháin Áitiúil 2026

1 Treoirlínte d'Iarratasóirí

Cad é an rud é an Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026?

Cuireann an Clár Feabhsúcháin Áitiúil (CFÁ) 2026 maoiniú caipitil ar fáil chun tacú le grúpaí pobail ar fud na hÉireann, go háirithe iad siúd i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Tá an maoiniú dírithe ar dheisiúcháin, ar fheabhsúcháin agus ar threalamh d'áiseanna pobail, ag cabhrú le grúpaí seirbhísí luachmhara a choinneáil ag dul agus pobail áitiúla a neartú.

2 Cé atá in ann Iarratas a Dhéanamh?

- Aon ghrúpa pobail nó grúpa deonach seachbhrabúsach.
- **Níl** eagraíochtaí tráchtála agus daoine aonair incháilithe le haghaidh maoinithe.

2.1 Cad iad na Tionscadail atá Incháilithe?

Áirítear ar na Tionscadail atá Incháilithe:

- Cothabháil nó athchóiriú ionad pobail
- Tionscadail a fheabhsaíonn rochtain do dhaoine faoi mhíchumas (e.g., rámpaí, leithris inrochtana)
- Forbairt clubanna nó áiseanna óige
- Uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh (e.g., insliú, soilsiú LED) / Oibreacha caipitil chun bithéagsúlacht a mhéadú nó lorg carbóin a laghdú
- Soláthar agus suiteáil lasca athraithe i lárionaid tacaíochta pobail a ainmnítear
- Ceannach gineadóirí do shaoráid (i gcás go bhfuil údar maith leis chun leasa an phobail)
- Ceannach trealaimh (boird, cathaoireacha, uirlisí, comharthaíocht, ríomhairí glúine, clódóirí, forscáthanna, trealamh oiliúna)
- Trealamh glantacháin

- Cothabháil áitreabh (péinteáil, deisiúcháin)

Tabhair faoi deara: Ní íocfar CBL ach amháin má tá sé san áireamh i méid an iarratais. Ní ghlacfar le haon iarratais eile ar CBL.

2.2 Cad iad na Tionscadail NACH bhfuil Incháilithe?

Áirítear ar Thionscadail Nach bhfuil Incháilithe:

- Forbairt áiseanna spóirt/ áineasa
- Feabhsuithe ar pháirceanna baile agus ar limistéir agus spásanna coiteanna
- Áiseanna pobail e.g. páirceanna/clóis súgartha
- Trealamh CCTV
- Feabhsuithe ar an ríocht phoiblí
- Sráid-dreachtú
- Forbairt spásanna súgartha/caitheamh aimsire
- Aon tionscadal nach bhfuil ag teacht le héiteas an chláir
- Costais a thabhaítear sula bhfógraíonn an Roinn tionscadail rathúla
- Costais reatha (e.g., cláir, oiliúint, costais reatha laethúla)
- Costais fostaíochta
- Táillí dlí
- Táillí bainistíochta tionscadail
- Ceannach talún nó foirgneamh
- Staidéir fhéidearthachta
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála
- Costais atá íoctha cheana féin ag maoinitheoir nó roinn eile
- Tionscadail chun leasa phríobháidigh nó rochtana srianta (e.g., áiseanna nach bhfuil oscailte don phobal)

Nótaí Speisialta maidir le hUasghráduithe Sreangaithe agus Gineadóirí

- Soláthar agus suiteáil lasca athraithe i lárionaid tacaíochta pobail a ainmnítear má tá siad mar chuid d'fheabhsuithe riachtanacha ar áiseanna pobail; cuireann

siad le héifeachtúlacht fuinnimh agus/nó athléimneacht fuinnimh; agus tá Léiriú Spéise Ionad Tacaíochta Pobail curtha isteach go rathúil (<https://forms.office.com/e/Lrk5J59vb3>)

- Tá ceannach gineadóira ceadaithe má tá údar maith leis chun leasa an phobail (e.g., chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú le linn briseadh cumhachta); freastalaíonn an tsaoráid ar an bpobal níos leithne; agus tá Léiriú Spéise Ionad Tacaíochta Pobail curtha isteach go rathúil (<https://forms.office.com/e/Lrk5J59vb3>).
- Ní mór do gach tionscadal den sórt sin cloí le ceadanna reachtúla, caighdeáin sábháilteachta, agus a bheith i gcomhréir le héiteas an chláir.
- Ní mór meastacháin le haghaidh athshreangaithe a fháil ó leictreoir deimhnithe ag RECI

3 Conas iarratas a Dhéanamh

- Líon isteach an fhoirm iarratais oifigiúil go hiomlán.
- Cuir isteach gach doiciméad tacaíochta (meastacháin, fianaise ar riachtanas, etc.).
- Ní mór iarratais a chur isteach ar líne tríd an tairseach ar líne Cuir isteach: <https://galwaycoco.submit.com/>
- Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas 12 meán lae ar **Dé hAoine 27 Feabhra 2026**
- Má tá ceisteanna ann, déan teagmháil le do Roinn Pobail trí ríomhphost: : communitygrants@galwaycoco.ie

3.1 Príomhchoinníollacha

- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ar thionscadail / ar threalamh a ceannaíodh, sular chuir an t-údarás áitiúil in iúl duit gur éirigh leat maoiniú a fháil.
- Tagann 100% den mhaoiniú ón státchiste; níl maoiniú meaitseála ag teastáil.
- Ní íocfar maoiniú deontais roimh cheannach. (Ní mór d'iarratasóirí costais an tionscadail/trealaimh a thabhtú agus ansin cruthúnas a chur isteach gur ceannaíodh na hearraí.)

- Féadfaidh na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla (LCDCanna) 30% den mhaoiniú a chur ar leataobh do dheontais bheaga (€1,000 nó níos lú).
- Ní mór do gach tionscadal admhálacha, sonraisc agus grianghraif a chur ar fáil mar chruthúnas ar chaiteachas.
- Féadfaidh an LCDC níos lú ná an méid a iarrtar a thabhairt, ag brath ar an éileamh agus ar na cistí atá ar fáil.
- Ní mór do gach tionscadal maoinithe aitheantas a thabhairt don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta i bpoiblíocht agus i gcomharthaíocht.
- Ní mór fianaise ar Chlúdach Árachais Dliteanais Phoiblí (€6.5m) a chur isteach, agus ní mór don iarratasóir cruthúnas slánaíochta a thabhairt do Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcoinne aon éileamh a eascraíonn as.

3.2 Tuilleadh Eolais

- Tá treoirínte iomlána agus Ceisteanna Coitianta ar fáil ó leathanach gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe: [Clár Feabhsúcháin Áitiúil \(CFÁ\) | Comhairle Chontae na Gaillimhe](#)
- Má tá aon cheisteanna ann seol ríomhphost chuig: communitygrants@galwaycoco.ie

3.3 Liosta Seiceála Iarratais CFÁ 2026

Sula ndéanann tú iarratas, cinntigh go bhfuil:

- Deimhnithe agat gur eagraíocht phobail nó dheonach seachbhrabúsach í do ghrúpa
- Tionscadal a shainaithint a oireann do na catagóirí incháilithe
- Seiceáilte agat go bhfuil Léiriú Spéise Ionad Tacaíochta Pobail comhlánaithe agat mar is ceart má tá tú ag déanamh iarratais ar uasghráduithe sreangaithe agus/nó gineadóirí.
- Seiceáilte agat nach dtagann do thionscadal faoi chatagóirí neamh-incháilithe
- Sainaitheanta agat go bhfreastalaíonn an maoiniú atá á lorg ar an bpobal i gcoitinne
- Meastacháin bailithe agat do gach caiteachas beartaithe
- Doiciméid tacaíochta ullmhaithe agat (fianaise ar riachtanas, ceadanna reachtúla más gá)

- Líonadh go hiomlán an fhoirm iarratais oifigiúil
- Cuireadh CBL san áireamh i méid d'iarratais (más infheidhme)
- In ann admhálacha, sonraisc agus grianghraif a chur ar fáil mar chruthúnas ar chaiteachas
- Pleanáilte agat chun aitheantas a thabhairt don Roinn i bpoiblíocht / comharthaíocht
- An spriocdháta le haghaidh iarratais a dhéanamh seiceáilte agat (**Dé hAoine 27 Feabhra 2026**)
- Teagmháil déanta agat le do Roinn Pobail i gComhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh aon cheisteanna nó soiléirithe

Leid: Cabhróidh ullmhúchán luath agus cáipéisíocht shoiléir le d'iarratas a bheith rathúil. Má tá amhras ort, déan teagmháil le do Roinn Pobail i gComhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh comhairle sula seolann tú isteach é.

4 Riachtanais an Chláir

Tá na coinníollacha a leanas i bhfeidhm do gach tionscadal. De réir chineál an tionscadail (agus an grúpa atá i mbun iarratais), d'fhéadfadh gur gá tuilleadh riachtanas a chomhlíonadh. Cuirfidh an LCDC/ÚÁ grúpaí/eagraíochtaí ar an eolas faoi na riachtanais seo nuair a cheadaítear a n-iarratas i gcomhair maoinithe.

4.1 Riachtanais Chánach

- Ní gá do ghrúpa/eagraíocht an iarratasóra a bheith cláraithe ar mhaithe le cuspóirí cánach.
- Ní mór d'aon ghrúpa/eagraíocht iarratasóra atá cláraithe do chuspóirí cánach a bheith comhlíontach i dtaobh cánach. Ar aon dul le nósanna imeachta leasaithe imréitigh cánach, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2016, caithfear an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach agus an Uimhir Thagartha Cánach a sheoladh ar aghaidh chun críocha deimhnithe.

4.2 Toiliú Reachtúil

Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuarthas gach cead nó toiliú riachtanach reachtúil sula gcuirtear tús le haon oibreacha. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta do chead pleanála.

4.3 Árachas

D'fhéadfadh an LCDC fianaise i scríbhinn i leith polasaí árachais bailí a iarraidh, sa chás gurb iomchuí, i rith an phróisis athbhreithnithe ar iarratais.

4.4 Maoiniú a aithint

Mar gheall ar an luach a bhíonn ag roinnt de na deontais seo, ní bheadh sé cost-éifeachtúil a éileamh ar an iarratasóir comharthaíocht ar a dtugtar aitheantas don Roinn, don Údarás Áitiúil nó don LCDC a chur ar fáil. Is leor aitheantas eile oiriúnach, e.g. ar shuíomh gréasáin nó ar ardáin meán sóisialta an ghrúpa/na heagraíochta. Sa chás go ndéantar comharthaíocht, ní mór aitheantas a thabhairt do ranníocaíocht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta ina leith.

4.5 Maoiniú meaitseála

Níl sin riachtanach faoin gclár seo.

Is ón Státchiste a fhaigheann an Clár 100% dá mhaoiniú. Tá cead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as maoiniú/maoiniú meaitseála eile i gcomhair tionscadal, ach ní gá é sin a dhéanamh faoin chlár seo.

Tá an t-iarrthóir ar dheontas freagrach as cinnte a dhéanamh nach bhfuil rialacha na scéime/an chlár eile á sárú trí úsáid a bhaint as an gClár seo chun tionscadal a chómhaoiniú. Déan cinnte go dtéann tú i gcomhairle le riarthóirí nó leis an gcomhlacht atá freagrach as scéim nó clár maoinithe ar bith eile ina leith seo.

5 Critéir Roghnúcháin

Déanfaidh an LCDC luacháil ar iarratais le cinntiú go bhfuil siad incháilithe i gcomhair maoinithe agus go bhfuil siad dírithe ar mhíbhuntáiste a chomhrac, mar a sainaithnítear ina Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail. Ní mór do thionscadail a bheith ag teacht le héiteas an chláir, eadhon maoiniú a chur ar fáil do phobail ar fud na hÉireann chun feabhas a chur ar áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

D'fhéadfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á tabhairt ar an mbealach:

- a dtacaíonn siad le grúpaí agus cumainn áitiúla, a fhreastalaíonn ar a bpobail;
- a méadaíonn siad an líon daoine ar féidir leis an ngrúpa tacú leo, trí fheabhsúcháin ar inrochtaineacht, trí bhearta nua imeasctha pobail nó trí fheabhsúcháin sábháilteachta san áireamh;
- a ndéantar infheistíocht chun cur le nó síneadh a chur le húsáid na saoráide, mar shampla, do ghrúpaí deonacha agus pobail;
- a laghdaítear an costas bliantúil a bhíonn ar shaoráid a reáchtáil;
- a n-imrítear tionchar dearfach ar an gcomhshaol, mar shampla, laghdú ar ídiú fuinnimh;
- a léirítear comhoibriú leis an údarás áitiúil nó le comhlachtaí ábhartha eile i limistéar an cheantair;
- a dtacaítear le mórtas áite laistigh den phobal tríd an timpeallacht thógtha a fheabhsú mar shampla;
- a dtéitear i ngleic le saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta; agus/nó
- a ndéantar infheistiú i dteicneolaíocht a dtiocfaidh daoine aonair agus pobail uirthi atá thíos le míbhuntáiste.

D'fhéadfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á thabhairt ar chritéar bhreise a mheasfaidh an LCDC a bheith cuí agus a léiríonn luach breise an tionscadail nó gné den tionscadal ó thaobh aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar aidhmeanna an chláir i ngach ceantar riaracháin de chuid an Údaráis Áitiúil.

6 Rialachas Corparáideach

6.1 Monatóireacht

Éileofar ar na deontaithe na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasachta a chomhlíonadh mar atá doiciméadaithe i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Bainistiú agus Cuntasacht maidir le Deontais ón Státchiste¹.

Is é an prionsabal uileghabhálach ná go mbeidh trédhearcacht agus cuntasacht ann ó thaobh airgead poiblí a bhainistiú, ar aon dul leis an ngeilleagar, le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht. Luaitear sa chiorclán, mar shampla, nár cheart d'fhaighteoirí deontais sócmhainní a bhfuarthas maoiniu poiblí ina leith a dhiúscairt gan cead a fháil ón LCDC roimh ré.

6.2 Cód Rialachais

Spreagann an Roinn comhlachtaí cistithe glacadh leis an gCód Rialachais², Cód Cleachtais do Dhea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanachta, a chabhróidh le sármhaitheas a bhaint amach i ngach réimse dá gcuid oibre. Iarrtar sa Chód Rialachais ar eagraíochtaí comhaontú a thabhairt go bhfeidhmeofar i leith prionsabail phríomha ar mhaithe lena n-eagraíocht a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtúla i réimsí mar ceannaireacht, trédhearcacht agus cuntasacht agus iad féin a iompar le hionracas.

7 Nósanna Imeachta maidir le Ceadú

Déanfaidh an LCDC athbhreithniú agus luacháil ar gach iarratas ar mhaoiniú a fhaightear faoin Chlár seo, le cinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) ábhartha.

Agus cinneadh deiridh á dhéanamh faoi na leithdháiltí maoinithe ar thionscadail, breathnóidh an LCDC ar roinnt cúinsí, lena n-áirítear cothromaíocht thíreolaíoch, an gá atá le réimse tionscadal éagsúil a mhaoiniú agus míbhuntáiste an cheantair ina bhfuil an áis lonnaithe (nó ar a fhreastalóidh an áis) i gcomparáid le ceantair eile³.

I ndiaidh an chinnidh, tabharfar tairiscint i bprionsabal do gach tionscadal a ceadaíodh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na foirmiúlachtaí dlíthiúla agus riachtanais eile. Tabharfar an tairiscint seo ar an gcoinníoll go gcloítear leis na coinníollacha ábhartha agus go nglacann an t-iarrthóir go sásúil leis an tairiscint sin.

Níor cheart don LCDC maoiniú a eisiúint go dtí go bhfaightear sonraisc, admhálacha agus aon fhianaise riachtanach eile ar chaiteachas ón ghrúpa/eagraíocht i gcomhair na n-oibreacha/an trealaimh a ceadaíodh.

Coinníonn an LCDC an ceart aige féin an maoiniú a athbhronnadh ar thionscadal eile a ceadaíodh mura gcomhlíontar na riachtanais go léir laistigh de thréimhse réasúnta. Is don LCDC ábhartha atá an cinneadh seo, agus ní mór dó a chur in iúl don Roinn go bhfuil beartaithe aige a leithéid a dhéanamh.

Coinníonn an Roinn agus/nó an tÚdarás Áitiúil an ceart acu féin iniúchadh ar chaiteachas a reáchtáil nó cigireacht a dhéanamh ó am go ham.

Tabhair ar aird:

De ghnáth sáraíonn na héilimh ar chúnamh an maoiniú a bhíonn ar fáil agus tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeidh an próiseas meastóireachta dian. Is é atá mar chuspóir leis an bpróiseas seo a chinntiú go dtagann na tionscadail is fearr chun cinn, agus na fachtóirí go léir á dtógáil san áireamh agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Is é polasaí na Roinne a chinntiú go gcaitear le gach iarratas go cothrom agus go neamhchlaonta.

D'fhéadfadh sé go mbeadh an maoiniú a thairgtear níos lú ná an tsuim a bhí á lorg ag an iarratasóir. Ba chóir d'iarratasóirí a thuiscint go bhféadfadh go leor eagraíochtaí a bheith ag déanamh iarratais ar an gClár. Dá bhrí sin, in imthosca den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach n-éireodh leis na hiarratais go léir a chomhlíonann na coinníollacha nó d'fhéadfadh sé gur suim níos lú ná an tsuim a bhí á lorg a bheadh i gceist.

Agus an LCDC i mbun meastóireachta ar na tograí atá faighte, d'fhéadfadh siad comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus d'fhéadfadh sé

faisnéis a nochtadh leis na saineolaithe agus leis na gníomhaireachtaí seo maidir le tograí atá faoi bhreithniú.

8 **Ginearálta**

Tá sé i gceist leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil sa doiciméad seo, tuiscint a thabhairt do na hiarratasóirí ar an bpróiseas lena ndéantar measúnú ar iarratais ar mhaoiniú agus lena gceadaítear na hiarratais agus níl léirmhíniú dlíthiúil i gceist leis.

8.1 An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

D'fhéadfaí, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, mionsonraí atá sna hiarratais agus sna doiciméid tacaíochta, arna n-iarraidh, a scaoileadh le tríú páirtithe. Sa chás faisnéis a bheith i d'iarratas atá íogair nó rúnda, déan an fhaisnéis sin a aithint agus tabhair míniú maidir leis an gcúis nár chóir an fhaisnéis sin a nochtadh. Má fhaightear iarratas faoin reachtaíocht ar fhaisnéis atá íogair a scaoileadh, rachfar i gcomhairle leat roimh chinneadh a dhéanamh cíbe a scaoilfear an fhaisnéis sin nó nach scaoilfear. Mura ndéantar faisnéis áirithe a aithint mar fhaisnéis atá íogair áfach, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a scaoileadh gan dul i gcomhairle leat.

8.2 Cuairteanna ar an Láthair

Féadfaidh an Roinn, an tÚdarás Áitiúil, an LCDC nó gníomhairí a ghníomhaíonn thar a gceann cuairt a thabhairt ar an láthair gan aon fhógra chun comhlíonadh théarmaí agus coinníollacha an Chláir a dheimhniú.

8.3 Tuilleadh Eolais

Coinníonn an LCDC an ceart aige féin tuilleadh eolais a iarraidh ón iarrthóir chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas.

8.4 Úsáid faisnéise

Bainfear úsáid as an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ar an bhfoirm chun críocha an phróisis deontais a mheas agus a riar, agus chun aon chuairteanna suímh a éascú. Féadfaidh an LCDC, agus measúnú á dhéanamh aige ar na hiarratais a fuarthas, comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus féadfaidh sé eolas a nochtadh faoi thionscadail atá á mbreithniú do na saineolaithe agus gníomhaireachtaí sin.

9 Conas Iarratas a Dhéanamh

Foirm mhionsonraithe atá san Fhoirm Iarratais, atá ceaptha chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas riachtanach go léir ann chun measúnú cruinn cothrom a dhéanamh ar gach togra. Déan cinnte go gcomhlíonann tú an Fhoirm Iarratais ina hiomlán agus go bhfuil aon cháipéisíocht lena dtacaítear le d'iarratas curtha isteach in éineacht le d'iarratas.

Ní mheasfar mar thionscadail incháilithe ach tionscadail a chomhlíonann na critéir arna leagan amach sa doiciméad seo. Tabhair faoi deara nach mbreathnófar ar iarratais neamhchríochnaithe nó ar iarratais mhalla.

Níl aon teorann le líon na n-iarratas ar thionscadail dhifriúla ó eagraíocht ar bith. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh iarrthóirí ar an eolas go mbeidh cur chuige cothromais/cothroime á ghlacadh ag an LCDC le cinntiú go ndáiltear an maoiniú go cothrom.

Más do ghné amháin, nó do chuid amháin de thionscadal atá maoiniú á iarraidh, beidh ar iarrthóirí fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil go bhfuil dóthain maoinithe ar fáil don ghné ar leith sin den tionscadal.

Déileálfar go tromchúiseach le haon eolas bréagach nó míthreorach a chuirtear isteach. Mura bhfuil eagraíocht ag comhlíonadh téarmaí agus coinníollacha an Chláir, d'fhéadfadh go ndéanfar iniúchadh orthu, go mbainfear a ndeontas díobh, go mbeidh orthu an deontas iomlán nó cuid de a aisíoc, agus/nó nach mbeidh cead acu iarratais a dhéanamh ar feadh tréimhse ama.

Ní mór iarratais a chur faoi bhráid an LCDC ábhartha faoin 23 Feabhra 2026.

Le haghaidh aon cheisteanna seol ríomhphost chuig: communitygrants@galwaycoco.ie